**Foilsiú Thuarascáil agus Cuntais Bhliantúla 2020**

**14 December 2021**

Foilsíodh Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla an Bhoird Pleanála maidir le 2020 inniu.

**Cás-obair Phleanála**

Chonaic an Bord titim bheag in iomlán na gcásanna pleanála a taisceadh leis ó thús deireadh 2020, agus fuarthas 2,753 cás san iomlán, síos 6% ar fhigiúirí 2019 (2,938 cás). Mar an gcéanna, chinn an Bord 2,628 cás in 2019, rud ab ionann agus laghdú 12% ar iomlán na bliana roimhe sin.

**Gnáthachomhairc Phleanála**

Ba ionann agus 71% de na cásanna ar fad a fuarthas in 2020 (1,956 cás) achomhairc phleanála agus bhain dhá thrian nach mór de na hachomhairc ar fad le forbairtí cónaithe, sa scála ó leathnú ar thithe agus feabhsúcháin ar thithe aonair agus tograí maidir le forbairtí ilaonad.
D’ainneoin tionchar Covid-19, mhéadaigh an treocht ó thaobh chomhlíonadh na spriocthréimhse reachtúla 18 seachtaine ó 39% in 2018 go 69% in 2019, agus 76% in 2020.

**Forbairt Straitéiseach Tithíochta (SHD)**

Chonacthas méadú substaintiúil in 2020 ar líon na n-iarratas ar thithíocht straitéiseach ar an mórscála a rinneadh díreach chuig an mBord, fuair an Bord 112 iarratas bailí, beagán níos lú ná an 119 iarratas a fuarthas sa bhliain roimhe sin. Mar sin féin, tháinig méadú suntasach ar na cásanna FTS a cinneadh, cinneadh 126 iarratas (suas ó 82 in 2019). Cé gur diúltaíodh cead do 28 iarratas, cheadaigh an Bord an 98 eile a chuimsigh 25,400 aonad nua cónaithe, idir thithe, árasáin, chóiríocht chomhroinnte agus chóiríocht do mhic léinn. Rinneadh 100% de chinntí FTS laistigh den amlíne reachtúil 16 seachtaine (24 seachtaine áit ar tionóladh éisteacht ó bhéal).

**Forbairt Bonneagair Straitéisigh (SID)**

Fuarthas 24 iarratas in 2020, síos beagán ar na 26 cás a taisceadh in 2019, agus cinneadh 19 gcás SID, i gcomparáid le 21 cás anuraidh. Fuair an Bord 50 iarratas ar chomhairliúcháin réamhiarratais san iomlán le linn 2020, 12 níos mó ná a taisceadh in 2019, agus cinneadh 45 cás réamhiarratais le linn 2020 freisin.

Agus Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2020 á bhfoilsiú, thug Dave Walsh, Cathaoirleach an Bhoird Phleanála, le fios go

*“D'ainneoin tionchair leanúnacha Covid-19 i 2021 coinníodh feidhmíocht fhoriomlán sa chéad leath den bhliain, ach sa dara cuid den bhliain thit rátaí comhlíonta go mall agus meastar gur 55% nó mar sin a bheidh sa ráta comhlíonta ag deireadh na bliana.  Tá sé seo den chuid is mó mar gheall ar mhéadú ar iontógáil cásanna a sheasann ag 2978 ag deireadh mhí na Samhna agus ar chastacht na gcásanna. Meastar go mbeidh an iontógáil fhoriomlán thart ar 3,200 cás don bhliain iomlán 2021“*

Gheofar Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird Phleanála anseo